

AN ROINN OIDEACHAIS

TREOIRLÍNTE

AR

IOMPAR BULAÍOCHTA A CHOSC

I

mBUNSCOILEANNA AGUS IN IARBHUNSCOILEANNA

MEÁN FÓMHAIR 1993

Treoirlínte

ar iompar bulaíochta a chosc

i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna

1.	Réamhrá agus Cúlra.....	3
2.	Sainmhíniú ar Bhulaíocht.....	4
3.	Saghasanna Bulaíochta.....	4
4.	Torthaí Bulaíochta.....	6
5.	Leideanna ar Iompar Bulaíochta – Tuartha agus Comharthaí.....	6
6.	Saintréithe in Iompar Bulaíochta.....	7
7.	Cá dTarláíonn Bulaíocht	8
8.	Cosc ar Bhulaíocht.....	9
9.	Polasaí Scoile a Chumadh chun Déileáil le hIompair Bhulaíochta	11
10	Críoch.....	17

1. Réamhrá agus Cúlra

Ó 1990 i leith d'eisigh an tAire Oideachais roinnt cearclán chuig Údaráis Bhainistíochta agus chuig Príomhoidí Bunscoileanna agus Iarbunscoileanna faoi:

- (a) Theoirínte i dtreo pholasáí dhearfach ar iompar scoile agus araíonacht
- (b) Chód molta iompair agus araíonachta agus
- (c) Chur chuige chun déileáil le líomhaintí nó amhras maidir le mí-úsáid pháistí.

Chuir na cearcláin sin ceist na bulaíochta i gcomhthéacs ghinearálta iompar scoile, araíonachta agus mí-úsáid pháistí. Aithnítear an ról dearfach a d'imir bainistíocht scoileanna, oidí agus tuismitheoirí chun bulaíocht a chosc. Mar sin féin, de bharr méid agus nadúr bulaíochta is é tuairim an Aire go bhfuil gá le beart agus gníomh breise chun an fhadhb a phlé.

Cuirtear cuspóirí na dTreoirínte ar bhulaíocht i láthair anseo i ndá pháirt, ar dtús cabhair a thabhairt do scoileanna modhanna bunaithe ar an scoil a chumadh chun plé le agus cosc a chur le hiompar bulaíochta agus sa dara háit méadú ar an eolas i measc an phobail scoile ar iompar bulaíochta i gcoitinne m. sh. bainistíocht scoile, foireann teagaisc agus neamhtheagaisc, daltaí agus tuismitheoirí/caomhnóirí mar aon leo siúd a mbíonn teagmháil acu leis an scoil sa phobal áitiúil. Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbunófaí ceist na bulaíochta i gceartlár an phobail d'fhonn comhoibriú a aimsiú ó gach eagras áitiúil.

Is é gnó na scoile an caighdeán is airde oideachais a chur ar fáil dá daltaí uile. Tá timpeallacht shocair, shábháilte riachtanach chun an cuspóir seo a bhaint amach.

Lagaíonn agus caolaíonn iompar bulaíochta trína nadúr ghnéitheach féin mianach an oideachais agus déanann se dochar siceolaíoch. Dá bharr sin, ní foláir an cheist a phlé go dearfach agus go daingean trí raon de ghníomhaíochtaí agus de straitéisí a thabharfadh deis do gach ball den phobal scoile gníomhú go héifeachtúil in aghaidh an iompair seo.

Imríonn iompar bulaíochta ní amháin orthu siúd atá i dtrioblóid leis ach freisin ar an uile duine sa seomra ranga, sa phobal scoile agus ar deireadh sa phobal ginearálta. Aithnítear ar bhonn idirnáisiúnta nach i measc daltaí i scoileanna amháin a éiríonn iompar bulaíochta; tarlaíonn sé go forleathan sa sochaí i láithreacha oibre agus sa teaghlach.

Rathaíonn iompar bulaíochta in atmaisféar na héiginnteachta agus na rúndachta ina bhraitheann an té a bhíonn thíos leis éadochas agus mí-éifeacht i gcoinne comhacht an bhulaí; tá gá le hardréim d'aireachas cnuasaitheach tríd an phobal áitiúil, an scoil agus eagrais eile agus ag tuismitheoirí más mian leo go n-aithneofaí iompar bulaíochta agus go réiteofaí é ar bhonn cóir, cothrom.

2. Sainmhíniú ar Bhulaíocht

Is ionsaí leanúnach é ó bhéal, go siceolaíoch nó go fisiciúil an bhulaíocht ag duine aonair nó ag grúpa i gcoinne daoine eile.

I gcás tarlóga aonaracha d'iompar ionsaitheach cé nár cheart bulaíocht a ghairm orthu, níor chóir maitheamh dóibh.

3. Saghasanna Bulaíochta

(a) Dalta-iompar

(i) Ionsaí fisiciúil

Is minicí an saghas iompair seo i measc buachaillí ná cailíní. San áireamh anseo tá brú, ropadh, dornálaíocht, speachadh, soncadh agus cor coise. Uaireanta tarlaíonn dian-ionsaí fisiciúil. Cé gur gnáthach do bhuchaillí bheith páirteach i gcomhrac bréige, is minic a úsáidtear iad seo mar chumdach ar chiapadh fisiciúil nó chun pian a bhrú.

(ii) Damáiste do shealúchas

Is féidir go ndíreodh an bulaí aire ar shealúchas príobháideach; b'fhéidir go ndéanfaí damáiste d'éadaí, leabhair scoile agus áiseanna nó cur isteach ar chóifrín nó ar rothar dalta eile. B'fhéidir go scaipfí ábhar málaí scoile nó cásanna peann luaidhe ar an urlár. B'fhéidir go loitfí, go mbrisfí, go ngoidfí nó go gcuirfí i bhfolach airteagail de shealúchas pearsanta.

(iii) Sracaireacht

Déantar éileamh ar airgead ag úsáid bagairt (uaireanta curtha i bhfeidhm) sa chás nach "n-íocann" an duine faoi leatrom go sciobtha. Tógtar lóin, dearbháin lóin nó airgead lóin uaidh. Cuirtear d'iachall ar íobartaigh sealúchas a ghoid le tabhairt don bhulaí. Ní bhíonn de chuspóir leis an straitéis seo uaireanta ach an t-íobartach a chiontú.

(iv) Imeaglú

Tarlaíonn cuid den iompar bulaíochta i bhfoirm imeaglú; bíonn sé bunaithe ar urlabhra ionsaitheach coirp agus ar an nguth mar arm. Is é a chorraíonn íobartaigh go speisialta ná "leagan na súl" – amharc san aghaidh a chuireann ionsaitheach agus/nó mí-chaitheamh in iúl.

(v) Glaonna maslacha teileafóin

Is gné den imeaglú ó bhéal nó den bhulaíocht é an glaoch maslach teileafóin. Tá an glaoch teileafóin faoi cheilt forleathan go maith nuair is múinteoirí a bhíonn faoi leatrom.

(vi) Aonrú

Cailíní is mó a chleachtann an saghas seo iompar bulaíochta. Aonraítear duine áirithe d'aon ghnó, coinnítear amach é/í nó fágtar leis féin é/í ag cuid nó ag an rang iomlán. Cuirtear tús leis an gcleachtas seo de ghnáth ag an duine atá tugtha d'iompar bulaíochta. Mar chuid den gcleachtas, scríobhtar focail mhaslacha faoin íobartach ar chláir dhubha nó in áiteanna poiblí. Cuirtear nótaí nó líníocht faoin duine sa timpeall nó tugtar maslaí i gcogar ard go leor le cloisteáil.

(vii) **Leasainmneacha maslacha**

Is ceart iompar bulaíochta a thabhairt ar shíor-leasainmniú ar an duine nó daoine céanna, ainmneacha a ghortaíonn, a mhaslaíonn nó a náiríonn iad; tagraíonn a bhformhór seo do cháilíochtaí

fisiciúla m. sh. “cluasach”, toise nó éadaí a chaitear. Uaireanta tarraingíonn aiceann nó cáilíochtaí gutha ar leith aire dhiúltach. Spreagann cáilíochtaí acadúla leasainmneacha. Tarlaíonn sé seo ag dhá fhoirceann, sa chéad áit dírithe ar aire orthu siúd a cheaptar a bheith mall nó lag ón taobh acadúil de. Gairmítear “dumaí”, “balbhán” nó “asa” orthu. Ag an bhfoirceann eile, tá daoine a bheireann barr-bua agus gairmítear “sclábhaíoch”, “intleachtóir”, “líteoir”, “peata múinteora” etc orthu.

(viii) **Fonóid**

Baineann an t-iompar seo leis an magadh gan dochar a tharlaíonn mar ghnáth idirghníomhaíocht shóisialta. Ach nuair a théann an magadh seo thar fóir le ráitis phearsanta arís is arís eile i gcás duine airithe amháin faoi chruth, éadaí, glaineacht pheasanta nó le tagairtí droch-mhéine do bhaill clainne, go mór mór má bhíonn leath-thagairtí gnéasacha i gceist, ansin is ionann é agus bulaíocht. Uaireanta deirtear rudaí gáirsiúla faoi chlaonadh gnéasach an dalta.

(ix) **Bulaíocht ar phearsanra scoile**

Bulaíocht ar bhaill fhoirne scoile trí ionsaí fisiciúil, díobháil do shealúchas. tarcaisne ó bhéal, bagairt ar a gclanna etc.

(b) **Iompar Múinteora**

Tharlódh go nglacfaidh múinteoir páirt go neamhdheonach in iompar bulaíochta nó go mbunódh nó go neartódh sé/sí iompar bulaíochta i slite éagsúla:-

- trí shearbhas nó trí chaint mhaslaitheach, náireach agus é/í ag labhairt le daltaí; trí chaint dhiúltach faoi chruth nó cúlra an dalta
- trí uiríslíú, go díreach nó go neamhdhíreach, dalta atá lag ón taobh acadúil de nó go suntasach nó soghonta i slite eile

- trí aon chor nó leagan cainte a bheadh bagarthach nó scanrúil nó aon teagmháil fhísiciúil nó cleachtadh a bheadh náireach.

4. Torthaí Bulaíochta

Fásann mothúcháin easpa iontaoibhe agus dian-imní i ndaltaí a bhíonn faoi leatrom agus mar thoradh éiríonn siad soghonta. Déantar dochar dá bhféinmhuinín agus lagaíonn a bhféinmheas. Cé nach bpléann siad a bhfuil ag titim amach dóibh, feictear a bhfulaingt in athruithe aoibhe agus iompair. Ar uaire, bíonn féinmheas mar thoradh ar bhulaíocht. Ní foláir mar sin bheith aireach faoi athruithe in iompar mar bíonn gá le hidirghabháil.

5. Leideanna ar Iompar Bulaíochta – Tuartha agus Comharthaí

Tugann na tuartha agus na comharthaí a leanas le fios go bhfuil cos ar bholg á imirt ar dhalta:-

- Imní faoi thaisteal ar scoil agus ón scoil – ag iarraidh ar thuismitheoirí iad a thiomáint nó a theacht faoina ndéin, bealach taistil a athrú, gnáth-amanna taistil a sheachaint chun na scoile nó uaithi
- Mífhonn freastal ar scoil, diúltú freastal, dul ar seachrán
- Íslíú ar chaighdeán oibre ar scoil, laghdú díograise agus aire agus laghdú suime ar scoil
- Patrún de bhreiteachtaí fisiciúla (m. sh. tinnis cinn nó goile)
- Athruithe gan míniú in aoibh nó iompar; tugtar iad seo faoi deara ag an deireadh seachtaine díreach roimh filleadh ar scoil agus go mór mór tar éis laethanta saoire fada
- Comharthaí infheicthe imní nó crá – staidearacht, cúlú, tromluí, deacracht codladh, caoineadh, gan bheith ag ithe, urlacan, fliuchadh leapa
- Caint dheonach neamhghnáthach faoi dhaltaí nó oidí
- Sealúchas ar iarraidh nó loite
- Iarratas go minic ar airgead nó goid airgid
- Liúr nó gearradh gan mhíniú nó éadaí loiter
- Mífhonn agus/nó diúltú a rá cad tá ag goilliúint air/uirthi

Ní cruthú na comharthaí seo iontu féin go bhfuil an dalta faoi leatrom. Má tharlaíonn siad go minic nó i gcomhair lena chéile, is cóir iniúchadh a dhéanamh orthu lean fháil amach cad é atá ag cur as don dalta.

6. Saintréithe in Iompar Bulaíochta

Ní foláir do scoileanna a aithint gur féidir aon dalta bheith faoi leatrom nó a bheith mar údar le hiompar bulaíochta

An Íobartach

Is féidir go ndéanfaí bulaíocht ar dhalta ar bith gan cúis ar bith

Is gnáthach do dhaltaí le linn súgradh bheith ag tarcaisniú nó ag spochadh faoina chéile. Mar sin féin ag pointe áirithe is ionann tarcaisniú nó spochadh agus iompar bulaíochta. Tugann daltaí difríochtaí i ndaoine eile faoi deara go tapaidh agus bíonn claonadh ann iompar den tsaghas seo a chleachtadh i leith daoine le difríochtaí. 'Siad na daltaí is mó atá i bhfiontar mar íobartaigh ná iad siúd a léiríonn soghontacht agus crá croí. Tá gaol díreach idir troime agus fad an iompair bhulaíochta agus freagra nó géileadh an dalta don ionsaí ó bhéal, go fisiciúil nó go siceolaíoch.

Nótaítear uaireanta go ngníomhaíonn daltaí áirithe go neamhfheasach ar mhodh a tharraingíonn iompar bulaíochta orthu féin.

An Bulaí

Glactar leis i gcoitinne gur iompar foghlamtha é bulaíocht.

Léiríonn daltaí a chleachtann bulaíocht dearcadh ionsaitheach mar aon le leibhéal íseal féinsmactha. Ní mhothaíonn siad aon doilíos; áitíonn siad orthu féin go bhfuil an mhí-úsáid tuillte ag an íobartach

Is maith le bulaithe go ndíreofaí aire orthu féin; go minic is maith leo iad féin a chur in iúl do lucht féachana agus baineann siad sult as an toradh a bhíonn lena gcuid iompair. Is cosúil nach bhfuil cumas comhthuisceana iontu le daoine eile. Níl siad feasach faoi, nó is cuma leo mothúcháin an íobartaigh. Ábhar taitnimh do dhaoine eile fós pian a ghearradh. Tá sé le nótáil go bhfuil easpa muiníne ag cur isteach ar bhulaithe chomh maith le féinmheas íseal.

Is minic a imrítear bulaíocht orthu siúd a chleachtann bulaíocht. Tá sé furasta iad a shaighdeadh agus is minic a shaighdeann siad daoine eile.

7. Cá dTarlaíonn Bulaíocht

(a) Dalta-Iompar

Tarlaíonn bulaíocht go minic sa chlós imeartha. Soláthraíonn cúinní dorcha folaithe sa chlós scoile timpeallacht atá fabhrach do bhulaíocht. Cuireann an-chuid cluichí deiseanna bulaíochta ar fáil toisc nádúr fisiciúil a bheith acu. Tá sé éasca go leor dalta a aonrú agus a chiapadh. Folaíonn an leibhéal fothroma rudaí atá ag tarlú – cuid mhaith. Tugann an clós deis do dhaltaí atá níos sine daltaí atá níos óga a chrá. Suíomh an-oiriúnach é freisin an clós don “scata bulaíochta”. Tarlaíonn troid fisiciúil ar deireadh de bharr síor-phriocadh, agus go hiorónta bíonn cruth an ionsaitheora uaireanta ar an íobartach toisc an sarú a fhulaingeann sé/sí.

Is láithreacha iad leithris, seomraí na gcótaí, seomraí na gcóifríní, seomraí aistrithe agus folcadáin ina dtarlaíonn ciapadh ó bhéal, go fisiciúil agus go siceolaíoch. Ní miste maoirseacht chúramach a dhéanamh ar iompar daltaí sna láithreacha seo.

Tarlaíonn bulaíocht sa rang freisin. Tarlaíonn sé go sleamhain trí srachfhéachaintí, leagan súl agus scigireacht ach uaireanta bíonn sé níos oscailte i bhfoirm imeaglú fisiciúil. Géaraítear ar an bhfadhb má bhíonn atmaisféar ranga i bhfeidhm a cheadaíonn caint dhímheasúil faoi chompánaigh ranga nó oidí eile. Ní foláir d'oidí, áfach, a bheith aireach maidir le bunchúiseanna a spreagann caint den tsaghas seo ar eagla go mbeadh daltaí ag iarraidh rud éigin atá ag goilliúint orthu a nochtadh – rud go mbeadh iniúchadh breise riachtanach ina leith.

Tarlaíonn bulaíocht idir ceachtanna pé acu an rang nó an múinteoir a bhíonn ag aistriú. Sa chéad chás tarlaíonn an bhulaíocht sna pasáistí agus i gcúinní agus sa dara cás is é an rangsheomra an láthair le haghaidh foirmeacha éagsúla d'iompar goilliúnach.

Is i ngnarthimpeallacht na scoile, sna siopaí áitiúla agus sa chomharsanacht áitiúil a imrítear bulaíocht go minic. Tarlaíonn sé ar an turas cun na scoile agus abaille arís pé acu ag siúl nó ag rothaíocht nó ar bhusanna scoile a bhíonn na daoine.

(b) Oide-Iompar

Tarlaíonn an t-oide-iompar, go ndéantar tagairt dó i gcuid 3(b), de ghnáth sa rangsheomra ach ní hamhlaidh sin i gcónaí. Titeann iompar den tsaghas seo amach mar shampla sa chlós scoile, sa halla gleacaíochta nó ar an bpáirc imeartha.

8. Cosc ar Bhulaíocht

Rinne na himlitreacha a luaitear sa réamhrá agus atá eisithe ag an Aire Oideachais chuig údaráis bhainistíochta agus príomhoidi bunscoileanna agus iarbhunscoileanna plé chuimsitheach ar cheist an iompair bhulaíochta i scoileanna i gcomhthéacs ginearálta na scoile maidir le hiompar, araíonacht agus mí-úsáid pháistí. Ba chóir go mbeadh cosc na bulaíochta mar chuid bhunúsach sa Chód Iompair agus Araíonachta i ngach bunscoil agus iarbhunscoil. Dearbhaíonn na himlitreacha seo, inter alia, “go mbunófaí Códanna Iompair scoileanna sa chomhthéacs gur pobal í an scoil ina bhfuil ómós comhmalartach, comhoibriú agus cothrom na Féinne ar fáil mar ghnéithe dílse”

Cuireann taighde idirnáisiúnta in iúl an rí-thábhacht atá le Polasaí Scoile ina mbeadh beartais ar leith chun déileáil le hiompar bulaíochta taobh istigh de struchtúr iomlán de Chód Iompair agus Araíonachta. Ceaptar go mbeadh ard-tionchar ag cód dá leithéid seo dá gcuirfí le chéile agus i bhfeidhm é go héifeachtach ar chosc a chur le hiompar bulaíochta i scoileanna.

Cé go n-aithnítear go mbíonn páirt an-mhór ag factóirí baile i gcosc na bulaíochta, tá ról na scoile san obair seo go rí-thábhachtach agus níor chóir é a mheas faoi bhun a luach. Treiseoidh tionscnaimh scoile obair choiscthe nó cuideoidh siad le cealú a dhéanamh ar iarrachtaí mí-rathúla tuismitheoirí nó caomhnóirí ar shrian a chur le hiompar do-ghlactha.

Tá údaráis bhainistíochta i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna, atá aitheanta ag an Aire, freagrach as bainistíocht, eagrú agus riaracháin a scoileanna agus tá dualgas orthu mar sin a chinntiú go bhfuil socraithe oiriúnacha, réasúnta déanta agus i bhfeidhm ina scoileanna chun bulaíocht a chosc. Ní mór d’údarás gach scoile agus é i mbun polasaí a fhorbairt chun bulaíocht a chosc, an polasaí sin a chur le chéile i gcomhar leis an bhfoireann teagaisc agus neamhtheagaisc faoi threoir an phríomhoide agus i gcomhairle le tuismitheoirí agus daltaí. Sa tslí seo beidh gach éinne rannpháirteach agus ag aontú le chéile faoi cad is ciall le bulaíocht agus faoi fhorbairt straitéisí scoile chun déileáil léi. Tá sé riachtanach go dtuigfeadh gach páirtí sa tionscnamh go soiléir cuspóirí agus mianach an pholasaí chun go mbunófaí straitéisí éifeachtúla scoile chun plé leis an bhfadhb.

Ní foláir d’Údaráis Bhainistíochta scoile an polasaí a chur ar aghaidh laistigh den scoil, le daltaí, tuismitheoirí agus foireann teagaisc arís agus arís eile le haire speisialta ar dhaltaí nua agus ar a dtuismitheoirí.

Gnéithe den Pholasáí

Cuspóirí an Pholasáí:

- (1) Ethos scoile a bhunú a spreagadh daltaí eachtraí bulaíochta a nochtadh agus a phlé
- (2) Feasach ar bhulaíocht mar iompar do-ghlactha a mhéadú i measc bainistíochta scoile, múinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí /caomhnóirí
- (3) Maoirseacht chuimsitheach a chur i bhfeidhm mar aon le bealaí monatóireachta trína bhféadfaí gníomhaíocht uile na scoile a fhaire.
- (4) Cur chuige a fhorbairt chun eachtraí bulaíochta a nótáil agus chun tuairisciú fúthu.
- (5) Cur chuige a fhorbairt chun eachtraí d'iompar bulaíochta a iniúchadh agus chun plé leo.
- (6) Clár a fhorbairt dóibh siúd atá faoi leatrom bulaíochta agus dóibh siúd atá páirteach ann
- (7) Gníomhú i gcomhar le agus trí eagrais éagsúla áitiúla chun gach saghas bulaíochta agus iompar frithshóisialta a chosc
- (8) Measúnú a dhéanamh ar éifeacht an pholasáí scoile in aghaidh bulaíochta.

Is éifeachtach go mór polasaí gníomhach scoile nuair a bhíonn sé comhtháite in atmaisféar scoile a spreagann ómós, iontaoibh, cúram, cásmhaireacht agus tacaíocht do dhaoine eile. Toisc go mbunaíonn daltaí a gcuid iompair ar iompar aosaithe, ní mór do phríomhoidí agus oidí a bheith cúramach gníomhú mar dheaeiseamláirí agus gan mí-úsáid a bhaint as an údarás atá acu. Thairis sin, ní foláir dóibh bheith daingean, soiléir agus seasmhach ina modhanna smachta. Is léir gur éifeachtaí go mór teicnící a bhunaítear ar spreagadh dearfach agus aitheantas seachas iad atá bunaithe ar eagla is ar bhagairt chun iompar inmhianaithe a mhealladh.

Toisc gurb é féinmheas an fachtóir singil is mó tionchar i mbunú iompair agus go deimhin níos fearr mar thairngire ratha ná intleacht, ba chóir d'oidí deiseanna a chur ar fáil do dhailtaí mothú dearfa féinmheasa a fhorbairt.

Cruthaíonn taigde go ndéanann daltaí dul chun cinn suntasach i suíomh ranga ina dtugar creidiúint dá n-iarrachtaí agus don bhfeabhas a thagann orthu agus ina mbíonn tnúth maidir lena gcuid saothair. Cuid bhunúsach don chur chuige seo ná forbairt ar fhoghlaim chomhoibritheach. Tá urraim chomhmalartach idir oidi is daltaí agus idir na daltaí féin tábhachtach. Ba chóir córas bunaithe ar chúram tréadach a bheith i bhfeidhm i scoileanna trína ndéanfadh oidí áirithe iarracht gaol iontaoibhe agus muiníne a bhunú lena ndaltaí le súil go gcuirfí cosc le hiompar bulaíochta.

Nóta

Cuireann fachtóirí a eascraíonn as difríochtaí nó trioblóidí idir páirtithe lasmuigh den scoile le líon na n-eachtraí bulaíochta laistigh den scoil uaireanta.

9. Polasaí Scoile a Chumadh chun Déileáil le hIompar Bhulaíochta

Gnéithe de Pholasaí Scoile

(1) Ethos na Scoile

Is é dualgas lárnach na scoile ina hiomláine i leith bulaíochta ná atmaisféar dearfa a chruthú a dhíreoidh ar ómós don duine aonaí agus go bhfuil na gnéithe tábhachtacha ina leith leagtha amach i bhfigiúr 1. Ní foláir cur i gcoinne na míthuiscintí ginearálta i measc aosaithe agus an-chuid daltaí gur gnáthchéim fhorbartha saoil í an bhulaíocht agus go gcruann sí daltaí. Tá sé tábhachtach go spreagfaí daltaí chun daoine a chur ar an eolas faoi eachtraí bulaíochta. D'fhéadfadh go mbeadh athrú meoin riachtanach ionas go dtuigfeadh daltaí go bhfuil siad freagrach as sábháilteacht agus leas a gcomhdhaltaí.

Ba chóir polasaí iompair agus araíonachta scoile bheith mar bhonn lena hethos frithbhulaíochta. Ní foláir don mBord Bainistíochta aontú leis an bpolasaí seo agus é a fhaomhadh. Tá ról lárnach ag an bPríomhoide i ndéileáil le hiompar bulaíochta sa scoil mar is aige/aice atá an gradam chun dul i gcion ar mheon phobal na scoile i leith na bulaíochta agus chun critéir a leagadh síos chun déileáil léi. Má bhíonn idir fhoireann, dhaltaí agus thuismitheoirí / chaomhnóirí páirteach i bhforbairt polasaí, is mó an seans go dtacóidh siad leis. Níor mhór don pholasaí béim níos mó a leagadh ar chosc na bulaíochta ná ar smacht a choimeád uirthi. Ní leor smacht a chur ar an mbulaí agus tacú leis an íobartach. Má tharlaíonn eachtra bulaíochta, ní miste an cheist faoi sheachaint bulaíochta a scrúdú. B'fhéidir nár mhiste nósanna imeachta a athrú d'fhonn deiseanna bulaíochta a laghdú feasta. Tá gá le haontas laistigh den phobal scoile agus é ag déileáil le bulaíocht agus ní mór atmaisféar ceart scoile a chruthú chun an cuspóir seo a bhaint amach.

(2) **Neartú Eolais faoi Bhulaíocht mar Iompar Do-Ghlactha I Measc**

Bhainistíocht Scoile, Oidí, Daltaí agus Tuismitheoirí

Ní foláir do gach scoil eolas faoi bhulaíocht a neartú ina pobal féin chun a bheith níos airdeallaí fúithi agus faoina droch-thionchar. Is féidir lá foirne bunaithe ar bhulaíocht a shocrú chomh maith le lá eolais do dhaltaí agus do thuismitheoirí / chaomhnóirí. Cabhróidh seo le forbairt agus glacadh le cód frithbhulaíochta. Méadófar ar mhisneach tuismitheoirí / caomhnóirí an dalta faoi leatrom dul i gcomhairle leis an scoil agus tabharfar teachtaireacht shoiléir freisin do thuismitheoirí / chaomhnóirí an dalta atá ag cleachtadh bulaíochta go bhfuil siad freagrach as iompar a bpáiste. Ba chóir an cód frithbhulaíochta a bheith ina chuid den Phlean Scoile / Ráiteas Polasaí agus ar fáil i scríbhinn do gach éinne mar chód Iompair agus Smachta.

Tá sé le nótáil gur féidir tionchar dearfach a bheith ag oidí ar iompar bulaíochta trí raon de thionscnaimh churaclaim. Sa Bhéarla tá raon leathan litríochta ar fáil trína bhféadfaí díospóireacht a spreagadh. In Oideachas Sóisialta cuirtear béim ar idirspéachas idir daoine i bpobail pé acu ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta nó idirnáisiúnta iad. Sa Stair agus sa Tíreolaíocht d'fhéadfaí tagairt do chóiliniú agus do dhúshaothrú agus don líon mór de dheachtóirí a úsáid chun gnéithe diúltacha comhachta a léiriú. D'fhéadfaí an obair a leathnú go gnéithe mar Ealaín, Drámaíocht, Teagasc Críostaí, Corpoideachas etc. Is féidir comhoibriú agus grúpthionscnamh a chur chun cinn trí chluichí foirne, clubanna agus cumainn scoile chomh maith le hábhair phraiticiúla. Soláthraítear deiseanna sármhaithe le linn imeachtaí spóirt chun ionsaitheacht a threorú agus chun foghlaim conas smacht a choimeád uirthi. Is féidir fadhb an iompair bhulaíochta a phlé le linn clár mar “Stay Safe” sna bunscoileanna, Cothú Sláinte i scoileanna agus clár éagsúla eile bunaithe ar ábhair shóisialta, shláinte agus na meáin chumarsáide. Thairis sin, d'fhéadfadh scoileanna lá feasachta maidir le smacht i gcoitinne agus cosc iompair bhulaíochta go speisialta a eagrú.

Déanann ábhar atá foilsithe faoi bhulaíocht ó fhoinsí éagsúla tagairt d'úsáid cheistiúcháin gan ainmneacha orthu chun tuisctn daltaí ar iompar bulaíochta a fháil amach. Níor mhiste do scoileanna bheith eolach faoin mhí-úsáid a fhéadfadh a theacht as ceistiúcháin den tsaghas seo agus ba cheart dóibh a bheith an-chúramach más mian leo iad a úsáid. Má úsáidtear ceistiúcháin, níor cheart ainmneacha daltaí a bheadh páirteach sa bhulaíocht a lorg ach eolas faoi raon agus saghas na bulaíochta, cá dtarlaíonn sí, faoin leibhéal tuairiscíochta etc.

(3) **Maoirseacht Chuimsitheach agus Gléasanna Monatóireachta Trína**

gCoimeádtar Súil ar gach Gné de Ghníomhaíocht Scoile

Tá sé tábhachtach agus go deimhin is é dualgas an údaráis scoile i gcomhar leis an bhfoireann agus leis na daltaí córas a fhorbairt ina mbeadh cur chuige ceart

mairseachta agus monatóireachta chun déileáil le heachtraí iompair bhulaíochta. D'fhéadfaí róta a bhunú chun gníomhaíochtaí scoile a stiúradh mar chuid den gcur chuige seo. Is féidir breathnú ar gach dalta agus go háirithe daltaí sinsearacha mar acmhainn chun cur in aghaidh na bulaíochta. Is acmhainn agus cabhair iad comhairlí scoile, más ann dóibh, agus clubanna agus cumainn eile scoile. Bheadh sé inmhianaithe gan amhras go mbeadh an lucht oibre neamhtheagaisc scoile páirteach sa phróiseas chun cur in aghaidh iompair bulaíochta i scoileanna. Ní miste freisin tuismitheoirí / caomhnóirí a tharraingt isteach i scéimeanna a fhorbrófaí.

(4) **Nósanna Imeachta chun Eachtra Iompair Bhulaíochta a Nótáil agus**

Tuairisciú faoi

- (i) Ba cheart d'údarais scoile a chinntiú go bhfuil nós imeachta foirmiúil ann chun eachtra iompair bhulaíochta a nótaíl agus chun tuairisciú faoi agus go mbeadh an nós imeachta sin ina chuid dhílis de Chód Iompair agus Araíonachta na scoile. Ba chóir go bhféadfaí tríd an gcóras seo comharthaí easpa smachta agus / nó athruithe suntasacha taghdacha nó iompar i ndaltaí a thabhairt faoi deara go luath.
- (ii) Is cóir d'oidí gach tuairisc, fiú más beagthábhachtach féin í, a nótaíl, a iniúchadh agus a phlé. Sa tslí seo fásfaidh muinín na ndaltaí scéal a insint. Tá an fachtóir seo rí-thábhachtach.
- (iii) Ba cheart cásanna tromchúiseacha bulaíochta ag daltaí a chur faoi bhráid an Phríomhoide nó an Leasphríomhoide láithreach.
- (iv) Ba cheart eachtraí a chur in iúl do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí na n-íobartach agus na mbulaithe láithreach chun deis a thabhairt dóibh an t-ábhar a phlé. Sa tslí seo bíonn ar a gcumas cabhair agus tacaíocht a thabhairt dá bpáistí sara dtarlaíonn géarchéim.
- (v) Ní foláir tuismitheoirí / caomhnóirí a chur ar an eolas faoin duine cuí gur féidir leo dul chun cainte leis maidir le heachtraí iompair bhulaíochta go bhfuil siad in amhras faoi nó a cuireadh in iúl dóibh trína bpáistí nó tuismitheoirí / caomhnóirí eile.
- (vi) Ba chóir a shoiléiriú do gach dalta nach bhfuil siad ag insint "scéilíní" nuair a thuairiscíonn siad faoi eachtraí bulaíochta ach go bhfuil siad á n-iompar féin go freagrach.
- (vii) Ba cheart do gach oide ar leith i gcomhairle le ball cuí foirne cuntas a thabhairt agus gníomh oiriúnach a dhéanamh maidir le tuairiscí ar iompar bulaíochta agus sin de réir polasaí na scoile agus a Cód Iompair agus Araíonachta.
- (viii) Ba chóir lucht oibre neamhtheagaisc na scoile – rúnaithe, airigh, glantóirí, mar shampla – a spreagadh chun eachtraí bulaíochta a chonaic siad féin nó a luadh leo a insint do bhall cuí den fhoireann teagaisc.

- (ix) I gcás gearán a bhaineann le ball foirne, ba chóir de ghnáth iad a phlé ar dtús leis an mball foirne sin agus ansin leis an bPríomhoide, más gá.
- (x) Pé acu a bhaineann siad le dalta nó le hoide, is ceart cásanna nach féidir a réiteach ag leibhéal na foirne a chur faoi bhráid Bhord Bainistíochta na Scoile.
- (xi) Is ceart cásanna go dteipeann ar an mBord iad a réiteach a chur faoi bhráid na Cigireachta áitiúla.

(5) **Nósanna Imeachta chun Iniúchadh ar agus Déileáil le Bulaíocht**

Moltar d'oidí cur chuige socair, neamhchorraithe, fadhbréiteach a chleachtadh agus iad ag déileáil le heachtraí bulaíochta a thuairiscítear faoi dhaltaí, faoi bhaill foirne nó faoi thuismitheoirí / chaomhnóirí. Is fearr eachtraí den chineál seo a scrúdú lasmuigh den suíomh ranga d'fhonn uirslíú poiblí an íobartaigh nó an duine atá ag gabháil d'iompar bulaíochta a sheachaint. In aon eachtra bulaíochta ní mór don oide labhairt, duine ar dhuine, leis na daltaí atá páirteach ann d'fhonn teacht ar dhá thaobh an scéil. Ba cheart gach agallamh a reachtáil le goilliúnacht agus le hómós do chearta an uile dhalta atá bainteach leis an eachtra. Is féidir le daltaí nach bhfuil baint phearsanta acu leis an gceist eolas úsáideach a chur ar fáil sa tslí seo, chomh maith.

- (i) Agus eachtraí bulaíochta á bhfiosrú is ceart freagraí a lorg ar na ceisteann seo – cad é , cén áit, cathain, cé hé agus conas? Is ceart an gnó seo a dhéanamh go socair, mar eiseamláir ar dhéileáil le coimhlint go neamhbhagrach.
- (ii) Má tá scata nó gasra i gceist, níor mhiste labhairt le gach ball ina aonar agus ansin bualadh leis an ngrúpa iomlán. Ba chóir cuntas a lorg ó gach ball faoi na rudaí a thit amach chun go mbeadh gach éinne soiléir faoin mhéid a bhí le rá ag gach éinne eile.
- (iii) Má mheastar go raibh páirt ag dalta in iompar bulaíochta, níor mhiste a shoiléiriú dó/dí conas mar atá sé/sí ag briseadh an Chóid Iompair agus Araíonachta agus a áireamh air/uirthi an cás a mheas trí shúile an íobartaigh.
- (iv) Tar éis an agallaimh leis an oide, ní mór cuidiú le gach ball den ngasra déileáil leis an mbrú a fhéadfadh bheith orthu ó bhaill eile an ghasra.
- (v) Ba chóir d'oidí a bhíonn ag iniúchadh cásanna bulaíochta cuntas scríofa a choimeád ar chainteanna a bhí acu leo siúd a bhí páirteach iontu. Bheadh sé oiriúnach nó cabhrach freisin a iarraidh orthu sin a bhí páirteach a gcuntas féin ar an eachtra a scríobh síos.
- (vi) I gcásanna inar cruthaíodh gur tharla iompar bulaíochta, is ceart bualadh le thuismitheoirí / caomhnóirí. an dá pháirtí i gceist de réir mar a oireann. Is ceart a bhfuil beartaithe ag an scoil a dhéanamh a mhíniú mar aon leis na cúisanna i láthair pholasaí na scoile. Níor mhiste bealaí trína bhféadfaidís beartas na scoile sa chás a neartú nó tacú leis a phlé leo.

(vii) Is ceart cruinnithe ar bhonn leanúnach a eagrú leis an dá pháirtí áirithe scartha ó chéile le súil go dtabharfaí le chéile iad níos déanaí ach an t-íobartach a bheith ullamh agus toilteanach chuige. D'fhéadfadh feidhm teiripeach a bheith leis seo.

(6) **Clár Oibre d'Íobartaigh, Bulaithe agus a gComhaoasaigh**

Bíonn cabhair ar bhonn leanúnach de dhíth ar dhaltáí a chleachtann iompar bulaíochta. Caithfear deiseanna a chur ar fáil dóibh siúd le féinmheas íseal lena leibhéal féinluacha a neartú. Bíonn gá le comhairliú ag daltaí a thógann páirt in iompar bulaíochta chun cuidiú leo bealaí eile a fhoghlaim chun freastal ar a riachtanais féin gan cur isteach ar chearta daoine eile. D'oirfeadh comhairliú d'íobartaigh agus deiseanna chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí dírithe ar ardú féinmheasa iontu agus chun a scileanna cairdeasa agus sóisialta a fhorbairt d'éir mar is gá..

D'éir taighde atá déanta, bíonn claonadh i dtreo iompar bulaíochta iontu siúd le lag-inmheacht acadúil. Tá sé tábhachtach mar sin go mbunófaí straitéisí foghlama sa scoil chun leathnú ar fhéinmheas an dalta. Ba chóir daltaí a thugann eachtraí bulaíochta faoi deara a ghríosadh chun iad a phlé le hoidí.

(7) **An Scoil ag Feidhmiú i gComhar le agus trí na hEagrais Áitiúla i gCosc gach Gné de Bhulaíocht mar Iompar Frithshóisialta**

Mar a dúradh thuas, ba cheart don phobal scoile ar fad a bheith gafa le fadhb an iompair bhulaíochta. Sa phobal scoile sin tá bainistíocht, oidí, foireann neamhtheagaisc, daltaí agus tuismitheoirí / caomhnóirí. Síneann eachtraí bulaíochta, áfach, thar an scoil amach. Is eol go dtarlaíonn siad ar an turas chun na scoile agus ar an turas abhaile. Is gá dá bhrí sin go gcuimseodh polasaí frithbhulaíochta scoile na baill sin den phobal leitheadúil a mbíonn teagmháil laethúil acu leis na daltaí. D'fhéadfaí, mar shampla, tiománaithe busanna scoile, maoir thrácha scoile agus siopadóirí áitiúla a spreagadh chun cuidiú leis an scoil in aghaidh an iompair bhulaíochta trí chuntas ar iompar den tsaghas seo a thabhairt do thuismitheoirí agus / nó scoileanna de réir mar a oirfeadh. Is féidir gréasán

a chruthú sa tslí seo. I gcásanna áirithe, áfach, d'fhéadfadh gur ghá cabhair a lorg ó dhaoine áitiúla eile agus eagrais fhoirmiúla mar dhochtúirí áitiúla, gardaí, boird sláinte mar aon lena n-oibrithe sóisialta agus oibrithe pobail.

Is féidir mar sin go gcabhródh dearcadh dearfach agus páirtíocht an phobail go mór chun iompar bulaíochta i scoileanna a chosc. Tá sé tábhachtach nascanna baile/scoile/pobail a chur chun cinn i ngach scoil maidir le cosc iompar bulaíochta agus ba chóir don scoil tacú leo mar ghnáthchuid d'obair scoile.

(8) **Measúnú ar Éifeacht Pholasaí Scoile ar Iompar Bulaíochta**

Mar chuid den mheasúnú ar éifeacht an pholasaí scoile cun déileáil le bulaíocht agus chun cosc a chur léi, ba chóir clár tacaíochta do na daltaí a chleachtann iompar bulaíochta a bheith mar chuid bhunúsach de phróiseas idirghabhála na scoile. Moltar monatóireacht a dhéanamh ar éifeacht an pholasaí scoile faoin gceist seo. D'fhéadfaí suirbhéithe fánacha a dhéanamh chun leibhéal agus saghas na bulaíochta sa scoil a mheas.

Is ceart cód frithbhulaíochta na scoile a athbhreithniú ar bhonn leanúnach i gcomhthéacs na n-eachtraí bulaíochta a tharlaíonn. Chuige sin, d'fhéadfaí é a áireamh mar mhír ar chlár na gcruinnithe foirne sa scoil.

Fig. 1 Polasaí Scoile chun Bulaíocht a Chosc

Glacann an scoil le cearta na mball uile taitneamh a bhaint as an scoil i dtimpeallacht shábháilte	Glacann baill foirne le cuid den bhfreagracht choláisteach faoi threoir an phríomhoide gníomhnú chun iompar bulaíochta ionsaitheach ag aon bhall den scoil a chosc	Cuireann an scoil cáilíochtaí i bhfreagracht shóisialta fulaingt agus tuiscint chun cinn i measc a mbaill uile laistigh agus lasmuigh den scoil
Cuireann an scoil nósanna dearfa féinmheasa, féinmheasa agus freagrachta chun cinn i measc gach ball dá cuid	CÉIMEANNA IN IMLÍNIÚ POLASAÍ DEARFACH SCOILE CHUN BULAÍOCHT A CHOSC	Glacann an scoil le sainiúlacht an uile dhuine agus lena fhiúntas mar neach daonna
Cuireann an scoil in aghaidh aon iompar atá comónta, urghrána seicteach nó ionsaitheach in aon tslí ag aon bhall dá chuid		Cuireann an scoil nósanna urraime comhalartaigh, cuirteise agus feasachta chun cinn maidir le hidirspleáchas daoine sa ghrúpa agus sa phobal
Cuireann an scoil ceangal uirthi féin cothromas ginearálta agus go háirithe cothromas inscne a chur chun cinn i ngach gné dá cuid dualgais		Aithníonn an scoil ról eagrais eile phobail i gcosc agus i bplé le bulaíocht
Tá d'acmhainn ag an scoil athrú ina cur chuige ar son riachtanais daltaí		Glacann an scoil le cearta tuismitheoirí bheith páirteach sa tasc an dalta a fheistiú le raon de scileanna beatha
Aithníonn an scoil gnéithe curaclaim trínar féidir tionchair dhearfa, sheasamhacha a chur i gcrích chun dearcadh agus luacha daltaí a fhorbairt	Déanann an scoil cúram speisialta de dhaltai i bhfiontar agus úsáideann a córas monatóireachta ar son idirghabháil luath nuair / más gá agus freagraíonn do riachtanais scanra agus imní an bhaill aonair ar mhodh goilliúnach	Aithníonn an scoil an gá le comhoibriú le tuismitheoirí agus iad a choimeád ar an eolas maidir le próisis chun caidreamh sa scoil a fheabhsú

10 Críoch

Is léir gur ag méadú atá an imní faoi iompar bulaíochta inár scoileanna. Ardaíonn sé fíordheacrachtaí maidir le hiompar scoile agus araíonacht. Dá bhrí sin tá sé thar a bheith tábhachtach go gcuirfeadh bunscoileanna agus iarbhunscoileanna polasaí i bhfeidhm dírithe ar an bhfadhb a sheachaint. Is ceart an polasaí seo a chumadh i gcomhairle leo siúd le suim sa cheist mar shampla foireann teagaisc agus neamhtheagaisc, daltaí agus tuismitheoirí / caomhnóirí. Ní mór inghlacthacht ghinearálta faoin bpolasaí scoile a bheith ag na páirtneirí in oideachas na ndaltaí. Sa tslí sin is féidir éifeacht a bheith leis i gcosc na bulaíochta agus freisin i ndéileáil léi. Tá gá ann na fachtóirí a thacaíonn le bulaíocht a thuiscint mar aon le plé bháúil leo siúd atá gafa léi. Thairis sin, ní miste, i gcomhthéacs nádúr na faidhbe, do dhaoine díreach lasmuigh den phobal scoile a n-aire a dhíriú uirthi.

Mar chríoch, ba dhearfach an chéim í modúl faoin bhulaíocht a bheith ina chuid d'oiliúint réamhsheirbhíse oidí cun iad a chur ar a n-airdeall maidir le fadhbanna bunaithe ar iompar den tsaghas seo i scoileanna. Ceaptar, freisin, go ndéanfadh leathnú ar chúrsaí inseirbhíse d'oidí chun iompar bulaíochta a phlé ar bhonn níos iomláine tairbhe i leathnú feasachta agus i bhforbairt teicnicí chun déileáil leis an iompar seo.